

Mí na Nollag 2025
Holly Morrin, an Dr. Bernie O'Donoghue Hynes
agus Alexandria Johnson

Tuarascáil an Rialtais Áitiúil ar Sheirbhísí do Chustaiméirí 2025

Feasacht, Rannpháirtíocht, Sástacht agus
Seintimint maidir le Seirbhísí

Doiciméad le bheith luaite mar:

Morrin, H., O'Donoghue Hynes, B., agus Johnson, A. (2025)

Tuarascáil an Rialtais Áitiúil ar Sheirbhísí do Chustaiméir 2025, Mí na Nollaig 2025,
Taighde na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil

ISBN: 978-1-911692-27-0

Brollach

Léiríonn Tuarascáil ar Sheirbhísí Custaiméara an Rialtais Áitiúil 2025 an cúigiú bliain de thorthaí ó chlár taighde seirbhísí custaiméara an GBRÁ. Le níos mó ná 2,000 freagróir a ghlac páirt i suirbhé náisiúnta, tugann na torthaí léargais luachmhara ar conas a dhéanann daoine caidreamh lena n-údaráis áitiúla, céard iad na seirbhísí a úsáideann siad, agus conas a mhothaíonn fúthu. San iomlán, nochtann na sonraí leanúnachas agus athrú araon. Díríonn sé aird ar réimsí sásaimh atá seasmhach, cosúil le leabharlanna agus athchúrsáil, fad a aithnítear dúshlán freisin maidir le leibhéil feasachta ísle ar chuid dár n-eochairsheirbhísí.

Faighimid pictiúr caolchúiseach ó na sonraí seintiminte in 2025 faoi conas a mhothaíonn an pobal faoina n-údaráis áitiúla Bhí an comhaontú ab airde go raibh na húdaráis áitiúla ag feabhsú seirbhísí ar líne, rud a thugann le fios go bhfuil na hiarrachtaí chun seirbhísí digiteacha agus rochtain a fheabhsú ag dul i bhfeidhm go fiúntach. Díríonn an suirbhé freisin ar an gcaoi a bhfuil rannpháirtíocht phoiblí leis na húdaráis áitiúla ag éirí níos ilchainéalaí. Fad a bhaintear an úsáid is mó as suíomhanna gréasáin mar chainéal chun dul i dteagmháil leis na húdaráis áitiúla agus chun eolas a fhoinsiú, déanann an pobal teagmháil trí r-phost, guthán, meáin shóisialta, teachtaireachtaí meandracha, agus i bpearsa. B'fhearr le freagróirí níos óige go háirithe na meáin shóisialta agus teachtaireachtaí meandracha, fad a bhraitheann aoisghrúpaí níos sine bhealaí traidisiúnta amhail cumarsáid i bpearsa, ar an nguthán agus lorgaíonn siad eolas ón raidió áitiúil, nuachtáin agus trí theagmháil a dhéanamh le comhairleoirí. Léiríonn an éagsúlacht sna modhanna rannpháirtíochta an tírdhreach cumarsáide atá ag fás agus gur gá do na húdaráis áitiúla leanúint ar aghaidh ag freastal ar gach riachtanas.

Léiríonn leibhéil feasachta ísle ar fhreagracht na hearnála maidir le seirbhísí amhail seirbhísí dóiteáin, mótarcháin, turasóireacht, agus gníomhú ar na haeráide an gá do theagmháil leanúnach a dhéanamh leis an bpobal faoi na nithe a dhéanann na húdaráis áitiúla agus an méid a dhéantar.

Agus sinn ag féachaint romhainn, ní hamháin go bhfuil an tuarascáil ina léiriú ar threochtaí rannpháirtíochta agus seintiminte ach is treoir freisin í le haghaidh feabhsú leanúnach. Is léir go bhfuil obair an rialtais áitiúil ag forbairt -- ag dul in oiriúint do theicneolaíochtaí nua, ionchais phoiblí atá ag athrú, castachtaí a bhaineann le soláthar seirbhíse comhaimseartha. Ní pointí sonraí amháin iad na léargais a léirítear anseo. Iarrann siad ar bhaill foirne an údaráis áitiúil machnamh a dhéanamh go straitéiseach faoin gcaoi a ndéanaimid cumarsáid, a dtéimid i dteagmháil, agus a gcinntimid go n-aithníonn an pobal an obair thábhachtach a dhéanann a gcomhairle cathrach agus contae áitiúil agus go mbíonn meas acu ar an obair sin.

Kieran Kehoe
Cathaoirleach
Coiste Corparáideach agus Pleanála Éigeandála CBCC

Réamhrá

Ó bhí 2021 ann, tá an GBRÁ freagrach as clár taighde bliantúil an rialtais áitiúil maidir le seirbhís do chustaiméirí. Áiríonn sé sin suirbhé poiblí náisiúnta agus fócasghrúpaí. Úsáideann an rialtas áitiúil na torthaí a ghintear chun cabhrú le seirbhísí a sholáthar go héifeachtach do gach ball den phobal. Gabhann an tuarascáil torthaí an tsuirbhé náisiúnta, rud a iarrann fáil amach cad atá ar eolas ag daoine faoi sheirbhísí údaráis áitiúil agus cad iad a dtuairimí ar na seirbhísí sin.

Gach bliain, déantar iniúchadh sonrach ar ábhar amháin a bhaineann le seachadadh seirbhíse, trí cheisteanna suirbhé breise agus grúpaí fócais. Tá an tuarascáil téama speisialta 2025 An Tionchar Brandála ar Leibhéal Feasachta faoi Sheirbhísí an Údaráis Áitiúil ar fáil ar [localgov.ie](https://www.localgov.ie)*.

Clár Ábhair

Léiríonn an tuarascáil sin torthaí shuirbhé náisiúnta 2025 maidir le seirbhísí do chustaiméirí agus na treochtaí thar an tréimhse cúig bliana, 2021-2025.

Suirbhé 2025 i bhFigiúirí	6
Feasacht ar an tSeirbhís	8
Úsáid Seirbhíse	12
Sásamh le Seirbhísí a Úsáideadh	16
Sásamh le Bóithre	22
Cainéil Theagmhála	24
Foinsí Faisnéise	28
Meon	32
Achoimre	40

*<https://www.localgov.ie/research>

Ceisteanna a ndeachaigh an Suirbhé i ngleic leo

Cé chomh maith atá a fhios ag daoine faoi na seirbhísí a chuireann na húdaráis áitiúla ar fáil?

Cén seirbhísí is mó a mbaineann an pobal úsáid astu?

An bhfuil daoine sásta le seirbhísí na n-údarás áitiúil?

Conas agus cathain a dhéanann siad rannpháirtíocht lena n-údarás áitiúil?

Cá bhfaigheann daoine an t-eolas maidir lena n-údarás áitiúil?

Cén meon atá ag an bpobal i leith na n-údarás áitiúil go ginearálta?

Nótaí buíochais

Rinne Baill Ghrúpa Oibre Sonraí Corparáideacha CBCC maoirseacht ar an gclár taighde bliantúil:

- Aidan Blighe, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath - Cathaoirleach
- Catherine McConnell, Comhairle Contae Mhaigh Eo
- Dónal Brennan, Comhairle Contae Laoise
- Jackie Finney, Comhairle Contae na hIarmhí
- Mary Quinn, Comhairle Contae Liatroma
- Mary Egan, Comhairle Contae Fhine Gall

Buíochas le Bryan Cox agus Siobhán McCluskey de chuid REDC a rinne an suirbhé.

Tá buíochas tuillte freisin ag gach duine a chríochnaigh an suirbhé náisiúnta.

Suirbhé 2025 i bhFigiúirí

Príomh-Fhórais

Líon na bhfreagróirí:

2,014

Dátaí an tSuirbhé:

**An 6 Márta chuig
an 28 Márta, 2025**

Modh an tSuirbhé:

**Ollphainéal
REDC**

Próifíl na bhFreagróirí

Inscne



49%
Fear

51%
Bean



Aois

18-24

11%

25-34

16%

35-44

20%

45-54

18%

55-64

15%

65+

20%

Suirbhé 2025 i bhFigiúirí (Ar Lean)

Sampla an tSuirbhé

- Ghlac 2,014 freagróir páirt sa suirbhé idir an 6 agus an 28 Márta 2025.
- Rinne Taighde REDC an suirbhé náisiúnta agus omnibus ar líne RED C in úsáid, an Líne RED, le hagallaimh fheabhsaithe chun méid sampla leordhóthanach a chinntiú i limistéar gach contae.
- Rinneadh sonraí a ualú trasna inscne, aoise, réigiúin agus aicme shóisialta chun sampla ionadaíoch náisiúnta a chinntiú bunaithe ar fhigiúirí Dhaonáireamh 2022 an CSO is déanaí.

Réigiún

18%

Cúige Chonnacht/
Cúige Uladh

29%

Baile Átha Cliath

27%

Cúige Mumhan

27%

An Chuid eile de
Chúige Laighean

Braistint Mhuintearais

70%

a thuairiscigh
**braistint láidir
muintearais** lena
gceantar áitiúil

70%


A raibh cónaí
orthu ina
gceantar áitiúil dá
saol ar fad nó ar
feadh breis is 20
bliain

10%

A raibh cónaí
orthu ina
ina gceantar áitiúil
ar feadh níos lú ná
5 bliana.

Feasacht ar an tSeirbhís 2025

Soláthraíonn údaráis áitiúla réimse leathan seirbhísí don phobal. Rinneadh measúnú sa suirbhé maidir lefeasacht na bhfreagróirí maidir le freagracht údaráis áitiúla i soláthar 30 príomhsheirbhísí.



*Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh = Páirceanna, áiteanna súgartha, páirceanna spóirt, áiteanna snámha agus áiteanna oscailte.

Feasacht ar an tSeirbhís 2025 (Ar Lean)

Aois

Ar an mórgóir, bhí feasacht ní b'airde ar sholáthar seirbhísí údaráis áitiúil i measc iad siúd atá 55 bliana d'aois nó níos sine, ná aoisghrúpaí níos óige.

Inscne


In 2025, bhí feasacht ní b'airde i measc na mban ar sholáthar seirbhísí údaráis áitiúil i gcomparáid leis na fir, go háirithe le haghaidh 6 sheirbhís:

- Tacaíochtaí Pobail **(+6%)**
- Tacaíocht Forbartha Tithíochta Nua **(+6%)**
- Bailiú Mótarchánach **(+6%)**
- Cosáin **(+5%)**
- Soilsiú Sráide **(+5%)**
- Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh **(+5%)**

Réigiún

Ar fud na gceithre réigiún, bhí an mheánfheasacht ab airde i gCúige Mumhan ar sholáthar seirbhísí údaráis áitiúil agus ab ísle i mBaile Átha Cliath.

Meán-leibhéal feasachta



Feasacht ar an tSeirbhís/Treocht 2021-2025

Luadh roinnt éagsúlachta san fheasacht ar sholáthar seirbhísí údaráis áitiúil thar an tréimhse 5 bliana, 2021 go 2025.

Tugadh laghduithe i bhfeasacht faoi deara idir 2024 chuig 2025 le haghaidh fhormhór na seirbhísí, go háirithe:

- Cosaint agus Feasacht Timpeallachta **(-8%)**
- Athnuachan Uirbeach Sráidbhailte **(-6%)**
- Draenáil Uisce/Cois Bóthair **(-5%)**
- Seirbhís Maor Madraí **(-4%)**
- Forbairt Chontae **(-4%)**
- Seirbhísí Dóiteáin **(-4%)**

Mar sin féin, mhéadaigh an fheasacht ar an mbaint a bhí ag na húdaráis áitiúla i dTurasóireacht/Imeachtaí gach bliain, lena n-áirítear 2025, a bhog ó 45% in 2021 go dtí 56% in 2025.

Thit Tacaíochtaí Forbartha Tithíochta Nua agus Seirbhísí Maor Madraí ó chatagóir na hardfheasachta chuig catagóir na meánfheasachta.

Ar an dóigh chéanna, bhog Monatóireacht ar Uiscebhealaí/Tránna agus Cosaint agus Feasacht Timpeallachta ó chatagóir na meánfheasachta go dtí catagóir na hísealfheasachta.

Feasacht Seirbhíse / Treocht 2021-2025 (Ar Lean)

Feasacht ar an tSeirbhís	2021	2022	2023	2024	2025
Cosáin	87%	92%	90%	90%	88%
Soilsiú Sráide	82%	87%	88%	87%	86%
Glantachán Sráide	86%	88%	91%	88%	86%
Seirbhísí Leabharlainne	78%	82%	82%	82%	82%
Tithíocht	79%	82%	84%	83%	81%
Rialú Bruscair	81%	86%	86%	83%	80%
Bóithre	76%	83%	83%	83%	80%
Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh	78%	79%	81%	79%	78%
Tacaíochtaí Pobail	77%	77%	79%	77%	76%
Páirceáil	63%	72%	74%	73%	73%
Pleanáil, Forbairt, Forfheidhmiú	74%	76%	77%	76%	73%
Seirbhísí Athchúrsála	74%	78%	76%	74%	72%
Draenáil Uisce/Cois bóthair	72%	76%	76%	77%	72%
Tacaíocht Forbartha Tithíochta Nua	67%	71%	74%	70%	68%
Seirbhís Maor Madraí	65%	72%	71%	71%	67%
Spóirt/Fóillíocht agus Ionaid Phobail/Óige	61%	60%	63%	62%	62%
Reiligí agus Ionaid Adhlactha	58%	63%	65%	64%	62%
Clár na dToghthóirí/Toghcháin	59%	63%	61%	63%	60%
Forbairt Contae	58%	64%	62%	64%	60%
Turasóireacht/Imeachtaí	45%	53%	54%	55%	56%
Cóiríocht don Lucht Taistil	58%	61%	61%	57%	56%
Tacaíochtaí do Dhaoine gan Dídean	n/a	59%	58%	57%	56%
Seirbhísí Dóiteáin	53%	58%	58%	60%	56%
Seirbhísí Ealaíon agus Oidhreachta	60%	57%	56%	57%	55%
Bailiú Mótarchánach	52%	52%	54%	56%	54%
Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte	52%	57%	58%	58%	52%
Gníomhú ar son na hAeráide*	-	-	-	-	48%
Monatóireacht ar Uiscebhealaí/Thránna	45%	51%	50%	50%	47%
Cosaint/Feasacht an Chomhshaoil	48%	55%	55%	53%	45%
Seirbhísí Tacaíochta Gnó	52%	45%	45%	45%	43%

*Seirbhís Gníomhaithe ar son na hAeráide curtha leis an suirbhé in 2025

	Feasacht Ard
	Feasacht Mheasartha
	Feasacht Íseal

Úsáid Seirbhísí 2025

Bhain 96% de na freagróirí úsáid as ar a laghad ceann amháin de na 30 seirbhís le 12 mhí anuas.

Na Seirbhísí is Minice a Úsáideadh in 2025

Athchúrsáil	64%
Rialú Bruscair	64%
Páirceáil	61%
Bóithre	61%
Bailiú Mótarchánach	52%
Seirbhísí Leabharlainne	40%

Na Seirbhísí is Annaimhe a Úsáideadh in 2025

Seirbhís Maor Madraí	2%
Tacaíochtaí do Dhaoine gan Dídean	2%
Seirbhísí Dóiteáin	2%
Forbairt Chontae	2%
Cóiríocht don Lucht Siúil	1%
Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte	1%

Aois

- Bhain níos mó freagróirí **55+** bliana d'aois úsáid as Seirbhísí Athchúrsála agus Mótarcháin ná mar a d'úsáid aoisghrúpaí eile.
- Thuairiscigh daoine **18–24** bliana d'aois úsáid ní b'airde as Rialú Bruscair agus Ionaid Spóirt/Fóillíochta & Ionaid Phobail/Óige ach úsáid ní b'ísle as Seirbhísí Athchúrsála
- Ba iad daoine **25–34** bliana d'aois na húsáideoirí Turasóireachta/Imeachtaí ba mhó.
- Bhain níos mó freagróirí **35–44** bliana d'aois úsáid as Seirbhísí Leabharlainne ná aoisghrúpaí eile.

Réigiún

Breathnaíodh patrúin éagsúla úsáide seirbhíse ar fud na réigiún, lena n-áirítear:

Baile Átha Cliath:

▲ Úsáid níos mó de Bhoscaí Bruscair agus Ionaid Spóirt/Fóillíochta agus Ionaid Phobail/Óige

▼ Úsáid níos ísle de Mhótarcháin agus Páirceáil.

An Chuid eile de Chúige Laighean

▲ Úsáid níos mó de Pháirceáil.

▼ Úsáid níos ísle d'Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh

Cúige Mumhan

▼ Níos lú úsáide de Rialú Bruscair


Connacht/Uladh

▲ Níos mó úsáide de Bhailiú Mótarchánach

Inscne

Cé go raibh úsáid sheirbhísí na n-údarás áitiúil cosúil lena chéile san iomlán, thuairiscigh níos mó ban gur bhain siad úsáid as Seirbhísí Athchúrsála ná fir.

Seirbhísí Athchúrsála




Úsáid Seirbhíse/Treocht 2021-2025

26 Sheirbhís Úsáidte*	2021	2022	2023	2024	2025
Rialú Bruscair	64%	70%	67%	65%	64%
Seirbhísí Athchúrsála	64%	68%	68%	67%	64%
Bóithre	-	36%	35%	62%	61%
Páirceáil	51%	64%	65%	63%	61%
Bailiú Mótarchánach	43%	48%	49%	47%	52%
Seirbhísí Leabharlainne	31%	38%	39%	42%	40%
Clár na dTogthóirí/Toghcháin	11%	11%	12%	30%	34%
Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh	33%	37%	37%	32%	34%
Reiligi agus Úirleachais	-	21%	21%	23%	22%
Spóirt/Fóillíocht agus Ionaid Phobail/Óige	19%	20%	20%	19%	21%
Turasóireacht/Imeachtaí	2%	17%	15%	15%	15%
Seirbhísí Ealaíon agus Oidhreacht	9%	13%	11%	11%	11%
Tacaíochtaí Pobail	7%	10%	8%	9%	9%
Tithíocht	6%	9%	7%	7%	7%
Draenáil Uisce/Cois bóthair	-	7%	7%	7%	7%
Tacaíocht Forbartha Tithíochta Nua	4%	4%	5%	3%	4%
Pleanáil, Forbairt, Forfheidhmiú	7%	6%	5%	4%	4%
Seirbhísí Tacaíochta Gnó	5%	3%	3%	2%	3%
Monatóireacht ar Uiscebhealaí/Thrána	-	5%	4%	3%	3%
Cosaint/Feasacht Timpeallachta	8%	4%	5%	4%	3%
Tacaíochtaí do Dhaoine gan Dídean	-	2%	2%	2%	2%
Seirbhísí Dóiteáin	1%	2%	2%	2%	2%
Forbairt Contae	2%	4%	2%	2%	2%
Seirbhís Maor Madraí	3%	3%	4%	3%	2%
Cóiríocht don Lucht Taistil	1%	2%	1%	1%	1%
Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte	2%	3%	2%	2%	1%
Gan aon cheann acu seo	7%	5%	4%	5%	4%

* Níor cuireadh soilsiú sráide, cosáin, gníomhú ar son na haeráide agus glantachán sráide san áireamh ar an liosta de 30 seirbhís toisc nach raibh rogha ag daoine faoi úsáid na seirbhísí sin (n=26 seirbhís)

Úsáid/Treocht Seirbhíse 2021-2025 (Ar Lean)

Úsáid/Treocht Seirbhíse Meánach 2021-2024



D'fhan na treochtaí maidir le húsáid seirbhísí réasúnta seasmhach thar an tréimhse 5 bliana, ach amháin i gcás dhá sheirbhíse:


★ **Mhéadaigh an úsáid seirbhíse bóthair** ó 36% in 2022 chuig 61% in 2025. Is féidir an éagsúlacht sin a mhíniú trí athrú ar fhoclaíocht an tsuirbhé in 2024**.

★ Méadaíodh úsáid seirbhíse **Chlár na dToghthóirí** in 2024 i rith an Toghcháin Áitiúil agus an Olltoghcháin agus d'fhan sí ard in 2025.

** In 2024, athraíodh an téacs don tseirbhís sin ó 'Bhóithre, (e.g., cothabháil agus feabhsú an líonra bóthair)' chuig 'Bóithre', atá níos simplí chun mearbhall a laghdú.

Sásamh le Seirbhísí a Úsáideadh 2025

As na 28* seirbhís a mbain freagróirí úsáid astu, bhí ar a laghad 400 úsáideoir seirbhíse ag 12 sheirbhís. In 2025, bhí rátaí sásaimh os cionn 70% ag seacht gcinn de na seirbhísí sin.




* Cuireadh soilsiú sráide agus cosáin le liosta na seirbhísí a úsáideadh nuair a bhíonn leibhéil sásaimh á meas, nór cuireadh glantachán sráide agus gníomhú ar son na haeráide san áireamh (n=28 seirbhís)


Sásamh le Seirbhísí a Úsáideadh 2025 (Ar Lean)

Aois

Ar an iomlán, thuairiscigh an grúpa 65+ an sásamh ab airde as gach aoisghrúpa. Bhí leibhéal sásaimh ard, go háirithe do Mhótarcháin, Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh agus Ionaid Spóirt/Fóillíochta.




Bhí an sásamh ab ísle i measc daoine idir 25 go 34 bliana d'aois i gcás 6 sheirbhís, go háirithe Seirbhísí Athchúrsála, Bailiú Mótarchánach agus Ionaid Spóirt/Fóillíochta.



Sásamh le Seirbhísí a Úsáideadh 2025

Réigiún

- Bhí leibhéil sásaimh ní b'airde i **mBaile Átha Cliath** ná i réigiúin eile le haghaidh 9 as na 12 sheirbhís, go háirithe Soilsiú Sráide (62%) agus Cosáin (49%).
- Bhain na leibhéil sásaimh ab ísle le freagróirí ón **gCuid eile de Chúige Laighean** maidir le hÁiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh (65%)
- Bhí leibhéil sásaimh ní b'ísle i **gCúige Chonnacht/Uladh** ná i réigiúin eile le haghaidh 6 as na 12 sheirbhís, go háirithe le haghaidh Cosán (34%) agus Seirbhísí Athchúrsála (71%)
- Bhain na leibhéil sásaimh ab airde le freagróirí ó **Chúige Mumhan** maidir le Seirbhísí Spóirt/Fóillíochta & Pobail/Óige (79%)



Sásamh le Seirbhísí a Úsáideadh 2025 (Ar Lean)

Inscne


San iomlán, bhí leibhéal sásaimh difriúil idir inscní.

Bhí mná ní ba shásta ná fir sna réimsí seo:

- 1. Clár na dToghthóirí **(+11%)**
- 2. Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh **(+7%)**
- 3. Seirbhísí leabharlainne **(+6%)**

Bhí fir ní ba shásta ná mná sna réimsí seo:

- 1. Soilsiú Sráide **(+7%)**
- 2. Bóithre **(+6%)**



Sásamh le Seirbhísí/Treocht 2022-2025


Taifeadadh sásamh ard seasmhach (os cionn 70%) le haghaidh 6 sheirbhís:

- Seirbhísí Leabharlainne
- Clár na dToghthóirí
- Seirbhísí Athchúrsála
- Bailiú Mótarchánach
- Reiligí agus Ionaid Adhlactha.
- Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh

Chuaigh leibhéil sásaimh maidir le hIonaid Spóirt/Fóillíochta & Phobail/Óige ar ais os cionn 70% in 2025 (72%) tar éis titim in 2024 chuig 67%.

Thar an tréimhse ceithre bliana*, laghdaíodh leibhéil sásaimh maidir le Boscaí Bruscair agus Páirceáil, ó 51% in 2022 chuig 47% agus 45% faoi seach.


Bhí na leibhéil sásaimh ab ísle ann do Bhóithre in 2025, cosúil leis na blianta roimhe sin. Mar sin féin, méadaíodh leibhéil sásaimh go beagán chuig 35% in 2025 i gcomparáid le 32% in 2024 agus 33% in 2023.



* Cuireadh an cheist sásaimh isteach sa suirbhé in 2022.


Sásamh le Seirbhísí/Treocht 2022-2025 (Ar Lean)

GLAN-Sásamh le Seirbhísí a Úsáideadh 2022-2025



Sásamh le Bóithre 2025

Iarradh ar fhreagróirí a leibhéal sásaimh maidir le cúig eilimint de sholáthar seirbhísí bóithre a léiriú.



Inscne

Bhí leibhéil sásaimh maidir le bóithre cosúil i measc na bhfear agus na mban le haghaidh ceithre as na cúig eilimint. Thuairiscigh fir leibhéal sásaimh 5% ní b'airde maidir le Caighdeán na mBóithre i gcomparáid le mná.

Rinneadh Bail na mBóithre



Sásamh le Bóithre 2025 (Ar Lean)

Aois

Bhí leibhéil sásaimh beagáinín difriúil i measc na n-aoisghrúpaí. Bhí leibhéil sásaimh ní b'airde ag daoine 18-24 bliana d'aois maidir le trí thoisc bóthair.

- Caighdeán na mBóithre **(32%)**
- Comharthaíocht/Marcanna Bóthair **(54%)**
- Soilsiú Sráide **(+54%)**

Bhí leibhéil sásaimh ní b'airde ag freagróirí 65+ bliana d'aois maidir le:

- Sreabhadh Trácht/Bainistiú Trácht **(31%)**


Réigiún

Bhí na leibhéil sásaimh ab airde ag Baile Átha Cliath ar an iomlán. Mar sin féin, bhí éagsúlachtaí sna leibhéil sásaimh go réigiúnach thar na cúig réimse de sholáthar seirbhísí bóithre. Bhí na leibhéil sásaimh ba lú taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath maidir le Caighdeán na mBóithre agus na leibhéil sásaimh ba lú i mBaile Átha Cliath maidir le Sreabhadh/Brú Trácht.

Sásamh le Seirbhísí	Baile Átha Cliath:	An Chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht/Uladh
Soilsiú Bóithre i gCeantair Uirbeacha	54%	47%	50%	45%
Comharthaíocht Bóthair/ Marcanna Bóthair	52%	46%	47%	43%
Bonneagar do Choisithe agus don Rothaíocht	39%	30%	28%	23%
Rinneadh Bail na mBóithre	31%	23%	23%	24%
Sreabhadh Trácht/ Bainistiú Trácht	23%	26%	28%	29%
Sásamh Ab Airde		Sásamh Ab Ísle		


Bealaí Rannpháirteachais 2025

Suíomhanna gréasáin is mó a úsáideadh chun rannpháirtíocht a dhéanamh leis na húdaráis áitiúla **le 12 mhí anuas**.



Inscne

Bhí fir beagán níos rannpháirtí ar na bealaí go léir seachas ar na Meáin Shóisialta in 2025.



Bealaí Rannpháirteachais 2025 (Ar Lean)

Aois

- 18-24

Rannpháirtíocht níos airde trí na Meáin Shóisialta agus Teachtaireachtaí Meandracha
- 35-44

An rannpháirtíocht is airde ar fud an chuid is mó de na bealaí, rud a thugann le fios gur fearr bealaí éagsúla i measc an aoisghrúpa seo.
- 55+

Rannpháirtíocht níos ísle ar fud fhormhór na mbealaí, go háirithe ar na Meáin Shóisialta

Réigiún

Baile Átha Cliath	▲	Rannpháirtíocht níos airde tríd an Suíomh Gréasáin (51%)
	▼	Rannpháirtíocht níos ísle I bpearsa (17%)
Cúige Mumhan	▼	Rannpháirtíocht níos ísle le Suíomh Gréasáin (41%) agus Bealaí ar Líne (20%)
Cúige Chonnacht/ Uladh	▲	Rannpháirtíocht I bPearsa níos airde ag Cúige Chonnacht/ Uladh (32%) agus Litir/Comhfhreagras (20%)
An Chuid eile de Chúige Laighean	▲	Rannpháirtíocht níos airde ar fud fhormhór na mbealaí

Bealaí Rannpháirteachais/Treocht 2021-2025

Rinneadh comparáid idir na sonraí maidir leis an mbealach rannpháirtíochta a úsáideadh sa dá mhí dhéag roimhe sin thar na cúig bliana.

- Ba iad **suíomhanna gréasáin** an bealach ba thábhachtaí gach bliain, cé go raibh laghdú beag ann lena n-úsáid in 2025 chuig 46% i gcomparáid le meán 48% thar na 4 bliana roimhe sin.
- Úsáid sheasmhach as an **Idirlíon, Guthán** agus **R-phost** mar bhealaí rannpháirtíochta le thart ar cheathrú na ndaoine a úsáideann gach ceann acu
- Méadú i rannpháirtíochtaí **i bPearsa** agus **Cruinnithe Poiblí** tar éis na paindéime, le laghdú pointe céatadán amháin ann in 2025 i gcomparáid le 2024.

Méadú gach bliain ar rannpháirtíocht trí **na Meáin Shóisialta** agus **Foláirimh Téacs**.


- Rannpháirtíocht sheasmhach le **Litir/Comhfhreagras**
- Cuireadh catagóir na **dTeachtaireachtaí Meandracha** isteach in 2024 le méadú beag in 2025

Cainéil Úsáidte<12 Mhí	2021	2022	2023	2024	2025
Suíomh gréasáin	46%	47%	50%	48%	46%
Ar Líne	-	28%	31%	28%	28%
Na Meáin Shóisialta	19%	20%	23%	25%	28%
Ríomhphost	24%	24%	24%	24%	25%
Ar an nGuthán	24%	24%	25%	24%	24%
I bPearsa	14%	21%	24%	24%	23%
Litir/Comhfhreagras	12%	12%	15%	15%	15%
Idirghabhálaí	13%	11%	13%	16%	15%
Foláirimh Téacs	-	10%	11%	13%	15%
Teachtaireachtaí Meandracha	-	-	-	7%	10%
Cruinniú Poiblí	4%	5%	7%	9%	8%




Bealaí Rannpháirtíochta/Treocht 2021-2025 (Ar Lean)

Meánbhealaí Rannpháirtíochta 2021-2024 i gComparáid le Bealaí Rannpháirtíochta 2025



Foinsí Faisnéise 2025

As na 19 bhfoinse faisnéise, d'úsáid os cionn 10% freagróirí naoi gcinn acu. Roghnaigh 11% eile 'Gan aon cheann acu seo.'



Do na 10 bhfoinse faisnéise eile bhí rátaí úsáide faoi bhun 10%:

- Suíomhanna Gréasáin Eile
- Nuachtán Náisiúnta
- Foláirimh Téacs
- Nuachtlitir an Údaráis Áitiúil
- Raidió Náisiúnta
- Instagram
- Aipeanna an Údaráis Áitiúil
- Twitter
- LinkedIn
- Eile



Foinsí Faisnéise 2025 (ar Lean)

Aois

Bhí freagróirí den aoisghrúpa **65+** ag brath níos mó ar **fhoinsí traidisiúnta oifigiúla** agus **faisnéise** lena n-áirítear:

49% Suíomh Gréasáin Údaráis Áitiúil

36% Nuachtán Áitiúil

28% Teagmháil a dhéanamh le Comhairleoirí

27% Raidió áitiúil

19% Baill Foirne Údaráis Áitiúil

Bhí an rannpháirtíocht ab airde ag an dream ab óige (**18-24**) maidir le:

40% Cairde agus Comharsana

26% TV

21% Instagram

Réigiún

- Thuairiscigh freagróirí i gCúige **Mumhan** go raibh úsáid ní b'airde á baint acu as raidió áitiúil (24%) agus as Nuachtáin Áitiúla (27%)
- Thuairiscigh freagróirí i **gCúige Chonnacht/Uladh** go raibh úsáid ní b'airde á baint acu as Cairde agus Comharsana (29%) agus thuairiscigh siad úsáid ní b'ísle as Suíomh Gréasáin an Údaráis Áitiúil (41%)
- Ba sa **Chuid eile de Chúige Laighean** a baineadh an úsáid ab airde as Suíomh Gréasáin an Údaráis Áitiúil (47%) agus Facebook (20%)
- Ba mhó an seans go n-úsáidfadh freagróirí i **mBaile Átha Cliath** Póstaeir/Bileoga (15%), agus ba lú an seans go n-úsáidfadh siad Raidió Áitiúil (5%) agus Nuachtáin Áitiúla (20%)

Inscne

Bhí beagáinín éagsúlachta maidir leis na foinsí eolais ar bhain fir agus mná úsáid astu.

Foinsí Faisnéise/Treocht 2022-2025

Bhí fíorbheag difríochta sa treocht le haghaidh fhormhór na bhfoinsí faisnéise a úsáideadh thar an tréimhse 4 bliana*. Trí dhifríocht le tabhairt faoi deara ná:


- Laghdú ar úsáid **Suíomhanna Gréasáin Údaráis Áitiúil** ó 49% in 2023 chuig 43% in 2025
- Laghdú ar úsáid **Nuachtáin Áitiúil** ó 30% in 2022 chuig 25% in 2025
- Méadú ar an úsáid **TV** mar fhoinse faisnéise ó 5% in 2022 chuig 12% in 2025.

Foinsí Faisnéise	2022	2023	2024	2025
Suíomh Gréasáin an Údaráis Áitiúil	47%	49%	45%	43%
Cairde agus Comharsana	25%	28%	22%	27%
Nuachtán Áitiúil	30%	30%	21%	25%
Facebook	19%	19%	17%	20%
Comhairleoirí	16%	16%	13%	17%
Nuacht ar an Raidió Áitiúil	15%	16%	12%	15%
Teilifís	5%	10%	7%	12%
Baill Foirne Údaráis Áitiúil	11%	10%	10%	11%
Póstaeir/Bileoga/Cláir Fógraí	12%	13%	10%	11%
Suíomhanna Gréasáin Eile	9%	8%	7%	8%
Nuachtán Náisiúnta	7%	9%	6%	8%
Foláirimh Téacs	4%	5%	5%	7%
Nuachtlitir Údaráis Áitiúil	6%	6%	5%	7%
Instagram	4%	6%	5%	7%
Raidió Náisiúnta	5%	6%	5%	6%
Aipeanna Údaráis Áitiúil	4%	5%	4%	6%
Twitter	7%	8%	4%	5%
LinkedIn	1%	2%	1%	2%
Eile	1%	1%	1%	1%
Gan aon cheann acu seo	11%	9%	10%	11%

* Cuireadh an cheist maidir le foinsí faisnéise isteach sa suirbhé in 2022.


Foinsí Faisnéise/Treocht 2022-2025 (Ar Lean)

Méanfhoinsí Faisnéise a úsáideadh 2022-2024 i gComparáid le Foinsí Faisnéise 2025



Meon 2025

Áiríodh 12 ráiteas meoin sa suirbhé. Fiafraíodh de fhreagróirí a mhéad a d'aontaigh siad leis na ráitis. Soláthraítear léargas sna torthaí faoi mheon an phobail i leith na n-ábhar roghnaithe. Aontaíonn formhór na ndaoine nó tá siad neodrach faoi na seirbhísí, agus tá an mionlach míshásta.



Meon 2025 (Ar Lean)

Aois

Bhí na leibhéil chomhaontaithe ab airde ag an dream **65+** do 10 as 12 de na ráitis meoin: Le haghaidh dhá mheon, bhí comhaontú 12 phointe céatadáin ní b'airde ná an t-iomlán náisiúnta:

66% Seirbhísí Feabhsaithe ar Líne

52% Díríonn sé níos Mó ar an gCustaiméir

Bhí na leibhéil comhaontaithe ab airde ag daoine idir **18-24** bliana d'aois i gcás dhá mheon:

46% Seirbhísí Feabhsaithe ar an Iomlán.

40% Rochtain Fheabhsaithe - Mionlaigh

Réigiún

- Bhí na leibhéil chomhaontaithe ab ísle ag freagróirí i **gCúige Chonnacht/Uladh** i ngach ceann den 12 ráiteas meoin
- Bhí leibhéil ní b'airde comhaontaithe ag freagróirí sa **Chuid eile de Chúige Laighean** thar 7 gcinn de na 12 ráiteas meoin

Inscne

Bhí na leibhéil comhaontaithe mar an gcéanna le haghaidh na bhfear agus na mban den chuid is mó de mheoin seachas dhá cheann acu.

	Fear	Bean
Seirbhísí Feabhsaithe ar Líne	51%	57%
Seirbhísí Feabhsaithe ar an Iomlán	35%	40%

Meon/Treocht 2021-2025

Cumarsáid agus Soláthar Seirbhíse

Na Ráitis Mheoin

- Tá sé simplí agus éasca dul i dteagmháil le m'údarás áitiúil
- Táim sásta leis an gcaoi a dtéitear i ngleic le m'fhiosruithe
- Coimeádann m'údarás áitiúil ar an eolas mé faoi cad a bhíonn ar siúl acu
- Idir fhógraí a fheicim agus an teagmháil a mbíonn agam leo, tá aithne mhaith agam ar m'údarás áitiúil

Treocht

Laghdú ar aontú i gcás 2 cheann de na 4 ráiteas meoin a bhaineann le Cumarsáid agus Soláthar Seirbhísí:


- Éasca plé leo
- Coinníonn sé ar an eolas mé

Mhéadaigh líon na ndaoine a d'aontaigh le 'tá aithne mhaith agam ar m'údarás áitiúil' ó 18% in 2021 go 28% in 2024 agus 2025.

D'fhan an t-aontú le 'Táim sásta leis an gcaoi a dtéitear i ngleic le m'fhiosruithe' réasúnta seasmhach ó 2021.

*Cuireadh an cheist mheoin ar na freagróirí a d'úsáid seirbhís údaráis áitiúil amháin.

Meon/Treocht 2021-2025 (Ar Lean)



Meon/Treocht 2021-2025

Comhionannas agus Rochtain

Na Ráitis Mheoin

- Caitheann m'údarás áitiúil le gach duine ar bhonn comhionann agus cothrom
- Táthar tar éis rochtain ar sheirbhísí agus ar dhéanamh cinntí a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas
- Táthar tar éis rochtain ar sheirbhísí agus ar dhéanamh cinntí a fheabhsú do mhionlaigh
- Tá m'údarás áitiúil tar éis éirí níos aoisbháúla le 3 bliana anuas*


Treocht

Bhí laghduithe in aontú i gcás gach ceann de na 4 ráiteas meoin a bhaineann le Comhionannas agus Rochtain in 2025. Déantar comparáid idir seo agus an méadú i gcás gach ráiteas in 2024.


Bhain an laghdú ba mhó le 'caitheann m'údarás áitiúil le gach duine ar bhonn comhionann agus cothrom', ó 42% in 2024 chuig 38% in 2025. Mar sin féin, bhí leibhéal chomhaontaithe chomh maith le 2023.

*Meon a cuireadh san áireamh in 2022.


Meon/Treocht 2021-2025 (Ar Lean)




Rochtain fheabhsaithe - Daoine faoi Mhíchumas



Údarás Áitiúil Cóir agus Cothrom



Rochtain Fheabhsaithe - Mionlaigh



Níos Aoisbháúla



Meon/Treocht 2021-2025

Feabhsúcháin ar Sheirbhísí do Chustaiméirí

Na Ráitis Mheoin

- Is mó fonn atá ar m'údarás áitiúil chun friotháil ar chustaiméirí le 3 bliana anuas*
- D'éirigh m'údarás áitiúil níos nuálaí le 3 bliana anuas**
- Tá feabhas curtha ag m'údarás áitiúil ar sheirbhísí digiteacha ar líne le 3 bliana anuas***
- Tá feabhas tagtha ar chaighdeán na seirbhísí atá á sholáthar le 3 bliana anuas

Treocht

Bhí laghduithe in aontú i gcás gach ceann de na 4 ráiteas meoin a bhaineann le Feabhsúcháin ar Sheirbhísí do Chustaiméirí in 2025. Bhí an éagsúlacht ba mhó i leibhéil chomhaontaithe sa téama sin.

Thit Seirbhísí Feabhsaithe ar Líne, Níos mó Dírithe ar Chustaiméirí agus Seirbhísí Feabhsaithe san Iomlán in 2025 ach d'fhan siad ní b'airde ná 2023.


Thit Níos Nuálaí 8 bpointe céatadáin in 2025, síos ó 51% in 2024 go dtí 43%.

*Sa bhliain 2021, le 5 bliana anuas a bhí ann.

**Sa bhliain 2021, le 5 bliana anuas a bhí ann.

***In 2021 ba é an fhoclaíocht 'tá a dhóthain á dhéanamh ag m'údarás áitiúil chun seirbhísí digiteacha a sholáthar.' Athraíodh an fhoclaíocht in 2022 chuig 'tá m'údarás áitiúil ag déanamh jab maith le seirbhísí digiteacha ar líne a sholáthar.'

Meon/Treocht 2021-2025 (Ar Lean)



Achoimre/Torthaí maidir le Seirbhís Custaiméara 2025



Feasacht ar an tSeirbhís

Feasacht ard (os cionn 70%) ar sholáthar seirbhísí údaráis áitiúil le haghaidh 13 as 30 seirbhís

An fheasacht is ísle le haghaidh Seirbhísí Tacaíochta Gnó (43%) agus Cosaint Timpeallachta (45%)



Úsáid Seirbhíse

Seirbhísí ba mhó ar baineadh úsáid astu = Rialú Bruscair, Seirbhísí Athchúrsála agus Páirceáil >60%

Seirbhísí ba lú ar baineadh úsáid astu = Cóiríocht don Lucht Siúil, Tacaíochtaí do Dhaoine gan Dídean, Seirbhísí Dóiteáin, Seirbhísí Tacaíochta Gnó <3%



Sásamh leis an tSeirbhís

Sásamh is airde i gcás Seirbhísí Leabharlainne, Chlár na dToghthóirí agus Seirbhísí Athchúrsála. **Sásamh is ísle** i gcás na mBóithre (35%)

Sásamh ard seasmhach (os cionn 70%) le haghaidh 6 sheirbhís



Bealaí Rannpháirteachais

Ba é Suíomh Gréasáin **an cainéal ab fhearr** le daoine chun rannpháirtíocht a dhéanamh leis na húdaráis áitiúla (46%)

Méadú ar rannpháirtíocht trí na Meáin Shóisialta agus Foláirimh Téacs



Foinsí Faisnéise

Na 3 fhoinse faisnéise is fearr = Suíomhanna Gréasáin an Údaráis Áitiúil (43%), Cairde agus Comharsana (27%) agus Nuachtáin Áitiúla (25%)

Laghdú beag ar líon na bhfreagróirí a úsáideann Suíomhanna Gréasáin an Údaráis Áitiúil agus Nuachtáin Áitiúla.



Meon

Comhaontú is mó le 'Seirbhísí Feabhsaithe ar Líne' (54%), 'Éasca Rannpháirtíocht a Dhéanamh leis an Údarás Áitiúil' (44%) agus 'Tá an tÚdarás Áitiúil ag Éirí níos Nuálaí' (43%)

Laghdú ar aontú le 9 as 12 mheon.

Achoimre/Torthaí maidir le Seirbhís Custaiméara 2025 (Ar Lean)

Aois

Na Freagróirí ab Óige (18-24)

- **Feasacht fhoriomlán níos ísle faoi sheirbhísí** agus úsáid níos ísle d'Athchúrsáil, Rialú Bruscair, Páirceáil agus Mótarcháin
- **Rannpháirtíocht níos airde** trí na Meáin Shóisialta agus Teachtaireachtaí Meandracha
- **Leibhéil chomhaontaithe níos airde** le 'Rochtain Fheabhsaithe do Mhionlaigh' agus 'Seirbhísí Feabhsaithe ar an Iomlán'. **Is lú seans go gcomhaontófaí** go bhfuil 'Seirbhísí ar Líne á bhFeabhsú ag na hÚdaráis Áitiúla'

Na Freagróirí ba Shine (65)

- **Feasacht fhoriomlán níos airde faoi sheirbhísí** agus úsáid níos airde de Sheirbhísí Athchúrsála, Mhótarcháin agus Reiligí/Ionaid Adhlactha.
- **Úsáid níos mó á baint as foinsí traidisiúnta faisnéise** – Nuachtáin Áitiúla, Foireann na nÚdarás Áitiúil, Raidió Áitiúil agus Comhairleoirí
- **Sásamh níos airde** le seirbhísí ar an iomlán
- **Leibhéil chomhaontaithe níos airde** i gcás 'Seirbhísí Feabhsaithe ar Líne', 'Tá an tÚdarás Áitiúil níos Nuálaí', 'Éasca Plé leis an Údarás Áitiúil' agus 'Tá Fonn níos Mó ar an Údarás Áitiúil Friotháil ar Chustaiméirí'

Réigiún

Baile Átha Cliath:

- **Leibhéil feasachta níos ísle** ar sholáthar seirbhíse na n-údarás áitiúil, ach amháin i gcás Ionad Spóirt/Fóillíochta & Ionad Pobail/Spóirt. **Úsáid níos ísle** ach **leibhéil sásaimh níos airde** maidir le Bóithre
- **Rannpháirtíocht níos ísle** i bPearsa. **Úsáid níos mó** de na Suíomhanna Gréasáin

An Chuid eile de Chúige Laighean

- **Úsáid níos mó** de Pháirceáil. **Úsáid níos ísle** d'Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh

Cúige Mumhan

- **Is mó seans** foinsí faisnéise áitiúla a úsáid e.g., Raidió Áitiúil
- **Rannpháirtíocht ab ísle** tríd an Suíomh Gréasáin agus ar Líne
- **Sásamh ab ísle** maidir le Bóithre

Connacht/Uladh


- **Rannpháirtíocht is airde** i bpearsa.
- **Leibhéil chomhaontaithe is ísle** i gcás gach ceann de na 12 ráiteas meoin.
- **Leibhéil sásaimh is ísle** i gcás 11 as na 13 sheirbhís.

Achoimre/Torthaí maidir le Seirbhís Custaiméara agus Treocht 2025

Inscne

Ba bheag éagsúlachtaí a bhí idir na hinscní, le roinnt eisceachtaí.

- Bhí feasacht **ní b'airde ag mná** ná ag fir faoi sholáthar seirbhísí údaráis áitiúil
- Bhain mná **níos mó úsáide as Seirbhísí Athchúrsála** ná fir
- Ar an meán, bhí fir beagán **níos rannpháirtí** ar na bealaí go léir seachas ar na meáin shóisialta
- Bhí **leibhéil chomhaontaithe ní b'ísle** ag na fir le 'D'fheabhsaigh an tÚdarás Áitiúil Seirbhísí ar Líne' agus 'Seirbhísí Feabhsaithe ar an Iomlán'



Achoimre/Torthaí maidir le Seirbhís Custaiméara 2025 agus Treocht (Ar Lean)

Treocht

Feasacht: Tugadh laghduithe beaga i bhfeasacht faoi deara idir 2024 chuig 2025 i gcás fhormhór na seirbhísí

Seirbhísí a Úsáideadh: D'fhan úsáid na seirbhíse réasúnta seasmhach thar an tréimhse 5 bliana, tugadh méaduithe faoi deara i gcás Chlár na dTogthóirí

Sásamh: Idir 2022 go 2025, bhí sásamh ard seasmhach ann (os cionn 70%) i gcás 6 as 13 sheirbhís

Cainéil Theagmhála: San iomlán, bhí méadú ann ar líon na gcainéal a úsáideadh Ba iad na suíomhanna gréasáin an cainéal ba thábhachtaí gach bliain. Tugadh méaduithe de réir a chéile faoi deara i gcás na Meán Sóisialta agus Foláireamh Téacs

Foinsí Faisnéise: Fíorbheag éagsúlachta i gcás fhormhór na bhfoinsí faisnéise, ach amháin méadú ar TV agus laghdú beag ar Shuíomhanna Gréasáin agus Nuachtáin Áitiúla

Meon: Laghdú ar aontú i gcás 10 as na 12 ráiteas meoin. Bhain an laghdú ba mhó le 'Níos Nuálaí' agus 'Seirbhísí Feabhsaithe ar Líne' nuair a chuirtear é i gcomparáid le 2024.

